Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13507/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0351(NLE)**

**AELE 105**
**EEE 87**
**N 131**
**ISL 81**
**FL 81**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 673 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Phrótacal 32 de Chomhaontú LEE maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 a chur chun feidhme |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 673 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 673 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.11.2021
COM(2021) 673 final

2021/0351 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Phrótacal 32 de Chomhaontú LEE maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 a chur chun feidhme**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE maidir leis an leasú ar Phrótacal 32 den Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’) maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 de Chomhaontú LEE a chur chun feidhme. Leasaítear leis an togra seo na rialacha is infheidhme maidir le rannpháirtíocht Stáit CSTE LEE (an Iorua, an Íoslainn, agus Lichtinstéin) i gcláir an Aontais chun sonraíochtaí an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2021-2027 a chur san áireamh a mhéid a bhaineann le tionchar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ar ranníocaíochtaí airgeadais Stáit CSTE LEE le buiséad an Aontais.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú LEE

Is é is aidhm do Chomhaontú LEE neartú an chaidrimh trádála agus eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua a chur chun cinn ar bhealach leanúnach cothrom le coinníollacha comhionanna iomaíochta, agus urramú na rialacha céanna, d’fhonn Limistéar Eorpach Eacnamaíoch aonchineálach a chruthú, dá ngairtear ‘LEE’ anseo feasta. Ráthaítear cearta agus oibleagáidí comhionanna le Comhaontú LEE laistigh den Mhargadh Inmheánach le haghaidh saoránach agus le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha in LEE. Déantar foráil ann maidir leis an gcuid sin de reachtaíocht an Aontais a chuimsíonn na ceithre shaoirse – saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, daoine agus caipitil — ar fud 30 Stát LEE. Thairis sin, cumhdaítear le Comhaontú LEE comhar i réimsí tábhachtacha eile amhail taighde agus forbairt, oideachas, beartas sóisialta, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí, turasóireacht agus cultúr, a dtugtar beartais ‘tionlacain agus chothrománacha’ orthu i dteannta a chéile.

Sainítear le hAirteagal 82 de Chomhaontú LEE na rialacha ar cheart feidhm a bheith acu maidir le rannpháirtíocht airgeadais Stáit CSTE LEE agus páirt á glacadh acu i gCláir de chuid an Aontais. Sainítear a thuilleadh le Prótacal 32 de Chomhaontú LEE na rialacha ar cheart feidhm a bheith acu maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 a chur chun feidhme.

### 2.2. Comhchoiste LEE

Bunaítear Comhchoiste LEE faoi Airteagal 92 de Chomhaontú LEE. Tá Comhchoiste LEE comhdhéanta d’ionadaithe na bPáirtithe Conarthacha, agus is féidir leis cinntí a dhéanamh trí chomhaontú idir an tAontas, ar thaobh amháin, agus Stáit CSTE LEE ag labhairt d’aon ghuth ar an taobh eile.

Tá sé de fhreagracht ar an gComhchoiste cur chun feidhme agus oibriú éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú. Chuige sin, déanann sé tuairimí agus faisnéis a mhalartú agus glacann sé cinntí sna cásanna dá bhforáiltear i gComhaontú LEE agus atá i gcoibhneas lena Phrótacail. Chun na críche sin, ar bhonn Airteagal 98 den Chomhaontú, is féidir Prótacal 32 a leasú le cinneadh ó Chomhchoiste LEE i gcomhréir le hAirteagal 93(2) agus Airteagail 99, 100, 102 agus 103 de Chomhaontú LEE.

Chun deimhneacht dhlíthiúil agus aonchineálacht LEE a ráthú, ba cheart do Chomhchoiste LEE cinneadh a ghlacadh maidir le leasuithe ar na hIarscríbhinní agus na Prótacail chun an fhorbairt maidir le reachtaíocht an Aontais a chur san áireamh. Ba cheart na leasuithe sin a

chur i bhfeidhm go comhuaineach leis na leasuithe sin a thugtar isteach i reachtaíocht an Aontais agus an urraim chuí a thabhairt do nósanna imeachta inmheánacha na bPáirtithe Conarthacha.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhchoiste LEE

Tá Comhchoiste LEE le leasuithe ar Phrótacal 32 de Chomhaontú LEE a ghlacadh ('an gníomh atá beartaithe').

Is é cuspóir an ghnímh atá beartaithe coinníollacha mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht Stáit CSTE LEE i gcláir an Aontais a chinneadh chun aon mhodhnú is gá a chur san áireamh a eascróidh as glacadh Creata Airgeadais Ilbhliantúil nua a ghlacadh, agus na himpleachtaí buiséadacha a eascróidh as tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

Tá sé d'aidhm ag an ngníomh atá beartaithe cúig mhír a chur isteach i bPrótacal 32 de Chomhaontú LEE:

Déanfar Airteagal 1 a chomhlánú chun na forálacha seo a leanas a áireamh:

- foráil maidir le rannpháirtíocht airgeadais Stáit CSTE LEE leis na leithreasuithe arna n-iontráil i mBuiséad an Aontais le haghaidh íocaíochtaí ar réimeanna comhlánaithe tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas. Áirítear sna réimeanna comhlánaithe go heisiach íocaíochtaí maidir le gealltanais arna síniú faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 a n-íocfaidh an Ríocht Aontaithe a sciar ina leith go dtí go n-íocfar gach gealltanas. Ní dhéanann Comhaontú LEE aon idirdhealú idir réimeanna comhlánaithe agus réimeanna cláir nua de chuid an Aontais, arb é a bheadh mar thoradh orthu ranníocaíochtaí níos airde a bheith á ndéanamh ag Stáit CSTE LEE le Buiséad an Aontais ná mar is gá. Ba cheart a mheabhrú, i gcásanna inar tharla méaduithe roimhe seo, gur úsáideadh sásra aistrithe, arbh é an toradh a bhí air gur íoc Stáit CSTE LEE méid níos lú ná mar ba ghá le Buiséad an Aontais. Dá réir sin, ón uair a leasófar Prótacal 32, i gcás méadú ar an Aontas, ní úsáidfear an sásra sin a thuilleadh agus ba é a bheadh mar thoradh air fachtóir comhréireachta níos airde maidir le réimeanna comhlánaithe;
- foráil maidir le creidiúintí Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (NGEU) a chuimsiú agus ranníocaíocht Stáit CSTE LEE á ríomh maidir le maoiniú an Chláir Fís Eorpach agus an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta chun buiséad méadaithe na gclár seo a léiriú;
- dhá fhoráil bhreise lena léirítear conas a dhéantar ranníocaíochtaí Stáit CSTE LEE a ríomh i gcás méadú ar an Aontas nó tarraingt siar Ballstáit as an Aontas.

Cuirfear Airteagal 8 nua isteach chun aghaidh a thabhairt ar na módúlachtaí airgeadais le haghaidh ranníocaíochtaí Stáit CSTE LEE a mhéid a bhaineann le ráthaíochtaí buiséadacha. Ní cheadaítear le sonraíocht ráthaíochtaí buiséadacha ranníocaíochtaí airgeadais Stáit CSTE LEE a áireamh sa ghnáthnós imeachta arna úsáid le haghaidh gach clár eile de chuid an Aontais. Ina ionad sin, socrófar an ranníocaíocht sin le haghaidh ráthaíochta buiséadacha i gcomhaontuithe ranníocaíochta sonracha.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 104 den Chomhaontú lena bhforáiltear mar a leanas'*Beidh na cinntí a ghlacfaidh Comhchoiste LEE sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt ann, ar theacht i bhfeidhm dóibh, ceangailteach ar na Páirtithe Conarthacha a dhéanfaidh na bearta ar fad is gá chun a gcur chun feidhme agus a gcur i bhfeidhm a áirithiú*'. Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 119 den Chomhaontú, '*beidh na hIarscríbhinní agus na*

*gníomhartha dá dtagraítear ann mar a cuireadh in oiriúint chun críocha an Chomhaontaithe seo chomh maith leis na Prótacail ina gcuid dhílis den Chomhaontú seo*.'

De bhun Airteagal 103 den Chomhaontú, '*Más rud é nach bhfuil fógra den sórt sin déanta, ar dhul in éag don tréimhse 6 mhí tar éis do Chomhchoiste LEE cinneadh a ghlacadh, cuirfear cinneadh Chomhchoiste LEE i bhfeidhm go sealadach go dtí go gcomhlíonfar na ceanglais bhunreachtúla seachas i gcás ina gcuirfidh Páirtí Conarthach in iúl nach féidir cur i bhfeidhm sealadach den sórt sin a dhéanamh. Sa dara cás, nó i gcás ina gcuirfidh Páirtí Conarthach neamhdhaingniú cinneadh de chuid Chomhchoiste LEE in iúl, beidh feidhm ag an bhfionraí dá bhforáiltear in Airteagal 102(5) 1 mhí amháin tar éis fógra den sórt sin a dhéanamh ach ní bheidh feidhm aige i gcás ar bith níos luaithe ná an dáta a gcuirfear an gníomh comhfhreagrach CE chun feidhme sa Chomhphobal*'.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Cuireann an Coimisiún an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh mar sheasamh an Aontais. Tá súil ag an gCoimisiún é a chur i láthair Chomhchoiste LEE a luaithe is féidir.

Maidir le hábhar agus cineál dhréacht an Chinnidh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal, téitear thar an méid ar féidir a mheas mar oiriúnuithe teicniúla de réir Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle. Dá bhrí sin, is í an Chomhairle a bhunóidh seasamh an Aontais.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. An bunús dlí atá leis an nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear i gcoincheap '*na ngníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1].

#### *4.1.2. An cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhchoiste LEE a cuireadh ar bun le comhaontú, eadhon Comhaontú LEE. An gníomh a iarrtar ar Chomhchoiste LEE a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí atá leis an nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe i gcomhar le hAirteagal 1(3) de Rialachán

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Uimh. 2894/94 ón gComhairle maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis ag an am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an ceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí áirithe a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

#### *4.2.2. An cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Saothraítear cuspóirí leis an ngníomh atá beartaithe agus tá comhpháirteanna ann a bhaineann le rialacha airgeadais agus cúnamh airgeadais. Tá eilimintí an ghnímh atá beartaithe i ndlúthnasc doscartha le chéile gan ceann amháin a bheith teagmhasach le hais an ceann eile.

Dá bhrí sin, tá na forálacha seo a leanas sa bhunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe: an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 122 agus Airteagal 322(1) de.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 122 agus Airteagal 322(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE agus Airteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leis an ngníomh atá beartaithe, modhnaítear ríomh mhéid an ioncaim a shanntar ó Stáit CSTE LEE arna chur le leithreasuithe an Aontais (a) trí fhachtóir comhréireachta CSTE LEE a chuirtear i bhfeidhm maidir le méideanna ar réimeanna comhlánaithe a laghdú – gan aon easpa leithreasuithe – agus (b) trí chreidiúintí NGEU a áireamh agus ranníocaíocht Stáit CSTE LEE á ríomh, agus méid ranníocaíocht CSTE LEE le haghaidh cláir ina bhfuil Stáit CSTE LEE rannpháirteach agus a bhaineann leas as creidiúintí NGEU á ardú dá réir sin: An Clár Fís Eorpach agus Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.

## 6. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar le gníomh Chomhchoiste LEE Prótacal 32 de Chomhaontú LEE maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 a chur chun feidhme, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2021/0351 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Phrótacal 32 de Chomhaontú LEE maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 a chur chun feidhme

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 122 agus Airteagal 322(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[2], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’) i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) Leasaítear reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, go háirithe trí ghlacadh Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 agus trí ghlacadh Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

(3) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE arna bhunú le hAirteagal 92 de Chomhaontú LEE cinntí a ghlacadh lena leasaítear Prótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 de Chomhaontú LEE a chur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 93(2) agus Airteagail 99, 100, 102, agus 103 den Chomhaontú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, forálacha Phrótacal 32 de Chomhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(5) Ba cheart seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bhunú ar an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo,

[2] IO L 305, 30.11.1994, lgh. 6-8.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasuithe atáthar a bheartú ar Phrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 de Chomhaontú LEE a chur chun feidhme, bunófar an seasamh sin ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*